# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

05 Eanáir 2023 || Eagrán 128

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Athbhliain faoi mhaise daoibh, a chairde!

**Tá súil againn go raibh Nollaig iontach agaibh, a chairde. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil libh as ucht an tacaíocht a thug sibh d'ár gcuid imeachtaí, ócáidí agus tograí i rith na bliana. Tá muid ag súil go mór le cur leis an obair seo i 2023. Ar ndóigh, ba bhreá linn cloisteáil uaibh agus deis a thabairt daoibh bheith páirteach i *Scéal, Scéal, Scéal...* Tá fáilte 's fiche romhaibh altanna, scéalta, filíocht nó léirmheas fiú a réiteach agus a sheoladh chugainn don nuachtlitir, chuile sheachtain!**



# CRUINNIÚ CINN BHLIANA AN FHÓRAIM

Reáchtáilfear Cruinniú Cinn Bhliana Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR ar an 16 Eanáir 2023 i Seanscoil Sailearna ag 7.30 i.n. Bliain bhríomhar, rathúil a bhí ag an bhFóram le linn 2022 agus bhí Katie Ní Loingsigh agus Aoife Ní Chonghaile, an bheirt Oifigeach Pleanála Teanga atá fostaithe ag an bhFóram, an-ghnóthach i mbun a gcuid oibre ag freastal ar riachtanais agus iarratais ilghnéithneacha an phobail ó Ros an Mhíl go dtí na Forbacha i dtaca le buanú na Gaeilge mar theanga pobail i gceantar Chois Fharraige. I measc phríomh-imeachtaí na bliana is fiú bunú Clubanna Óige i gceantracha na bhForbacha agus an Chnoic, an Lá Gairme do iar-bhunscoileanna an cheantair a eagraíodh i mí Márta, Ruaille Buaille, an campa drámaíochta don óige a eagraíodh i rith an tsamhraidh, Féile Chois Fharraige a bhí ar bun i mí Dheireadh Fómhair agus an tsraith imeachtaí sóisialta réamh-Nollag a lua. Bhí an-lá go deo ann ar an 7 Deireadh Fómhair nuair a tháinig Jack Chambers, an tAire Stáit don Ghaeltacht le ceiliúradh a dhéanamh ar Phlean Teanga Chois Fharraige. Bíonn tacaíochtaí teanga idir ranganna, ceardlanna agus cúrsaí do spriocanna teanga ar leith á n-eagrú ag na hOifigigh ar bhonn rialta agus bíonn siad ar fáil freisin le cuidiú le cumainn, gnólachtaí agus le daoine aonair ar mian leo tógáil ar a gcuid Gaeilge nó le straitéis nó pleananna teanga a fhorbairt le láithreacht na Gaeilge i saol teaghlaigh agus pobail Chois Fharraige a threisiú. Is féidir le haon chumann, eagras, nó gnó a bhíonn ag feidhmiú tré Ghaeilge agus ar son na Gaeilge sa bpobal ballraíocht mar chomhalta a ghlacadh sa bhFóram. Tá os cionn scór go leith comhalta sa bhFóram faoi láthair agus tá míle fáilte roimh chomhaltaí breise. Tá na foirmeacha clárúcháin le fáil in oifigí an Fhóraim atá suite in Inis Fáil, díreach trasna ó Chill Éinde i sráidbhaile an Spidéil.

# FOLÚNTAS: GAILLIMH LE GAEILGE

Tá Gaillimh le Gaeilge sa tóir ar Oifigeach Pleanála Teanga. Beidh an tOifigeach Pleanála Teanga ag obair ar thionscadail reatha na heagraíochta agus i gcomhpháirtíocht leis an bhfoireann, ag fobairt deiseanna nua chun cur le feiceáltacht agus úsáid labhartha na Gaeilge a spreagadh sa chathair. Tá sé riachtanach go mbeidh ardchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa, ag an OPT. Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in Oifig Ghaillimh le Gaeilge agus freagrach don Phríomh Fheidhmeannach & Bord Stiútha Ghaillimh le Gaeilge. Is féidir iarratas, chomh maith le CV a sheoladh chuig brid@gleg.ie roimh an Luan 23 Eanáir @ 5:30i.n. le cur isteach ar an bpost.




# SCÉIM SÍOL: EALAÍN NA GAELTACHTA

Tá Scéim Síol, de chuid Ealaín na Gaeltachta, oscailte do ghrúpaí agus do dhaoine aonair sna ceantair Gaeltachta le deis a thabhairt dóibh cothú agus forbairt a dhéanamh ar na healaíona sa Ghaeltacht. Tá sé i gceist go gcuirfidh an scéim Síol tacaíocht straitéiseach ar fáil le borradh a chur faoi na healaíona. San áireamh sna réimsí maoinithe tá tograí, imeachtaí agus féilte ealaíona, ceardlanna oiliúna sna healaíona, taispeántais, agus cúrsaí agus forbairt gairme. Tá uasmhéid maoinithe de €1,000 ar fáil tríd an scéim. Is féidir níos mó eolais a fháil ag www.ealain.ie

# CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Tiocfaidh Club Leabhair Chois Fharraige le chéile ar an 18 Eanáir Tigh Mholly ag 9 i.n. Oíche an-ghnóthach a bheas ann mar go mbeidh trí leabhar faoi chaibidil! B'éigean teacht le chéile na Nollag a chur ar athló de bharr seaca. Seacht dTír, Seacht dTeanga le Diarmuid Johnson a bhí ar an gclár don oíche sin. Beidh An Ghaeilge agus an Éiceolaíocht le Michael Cronin agus Tonn Teaspaigh le hAilbhe Ní Ghearbhuigh san áireamh freisin ar an 18 Eanáir. Cur síos atá i leabhar Dhiarmuid Johnson ar thréimhsí a chaith sé sa mBreatain Bheag, sa bPolainn, sa mBriotáin, sa nGearmáin, sa Romáin, sa mBeilg agus sa nGaeltacht in Éirinn. Tugann sé léargas dúinn ar dhaoine a casadh leis, ar chúrsaí saíochta, teanga agus ceoil agus é ag taisteal ó Chonamara go Varsá le breis is dhá scór bliain anuas.
Cíorann Michael Cronin cúrsaí athrú aeráide agus an nasc leis an nGaeilge sa leabhar An Ghaeilge agus an Éiceolaíocht. Muna mbeidh teacht againn feasta ar ár saíocht dúchais ar chúrsaí imshaoil, ní choinneofar dé in áitritheoirí an oileáin, seo dar leis an údar. Cnuasach filíochta é Tonn Teaspaigh le hAilbhe Ní Ghearbhuigh. Thug an díolaim seo duais filíochta an Oireachtais leis i mbliana agus bhronn Poetry Ireland duais ar an dán Litir ó Barcelona as an gcnuasach céanna. Pléann Ailbhe dúshláin agus lúcháir na banúlachta agus an mháithreachais i saol an lae inniu sa mbailúchán álainn seo agus tá aiste an-bhreá, an-ghéarchúiseach i dtús an leabhair ag Daniela Theinová, léachtóir in Ollscoil Shéarlais i bPrág. Is féidir na leabhra ar fad a cheannacht i Siopa Leabhar Chló Iar-Chonnacht ó thuaidh den Cheardlann sa Spidéal. Tá míle fáilte roimh bhaill nua sa gClub.



# PLEAN CÚIG BLIANA AN SPIDÉIL

Tá Comhlacht Forbartha an Spidéil ag réiteach Plean Gníomh Chúig Bhliana don cheantar agus chuige sin tá an Comhlacht Forbartha ag iarraidh ionchur ón bpobal i dtaobh na seirbhísí agus na riachtanais atá ag an gceantar faoi láthair. Tá sé i gceist ag an gComhlacht Fobartha plean a chur le chéile a dhéanann freastal ar chuile ghné de shaol an cheantair. Níl aon bhainisteoir ag an gComhlacht ach tá súil ag Bord Stiúrtha an chomhlachta go mbeifear in acmhainn bainisteoir lán-aimseartha a fhostú arís go luath. Idir an dá linn tá an bord stiúrtha ag feidhmiú ar bhonn deonach.

# FOLÚNTAS AG FÍBÍN SA TAIBHDHEARC

Tá post mar stiúrthóir ealaíne fógartha ag Fíbín. Duine spreagúil, fuinniúil agus thar a bheith eagraithe atá á lorg, a bhfuil taithí acu ar léiriú drámaí (taithí 10 mbliana ar a laghad), chun ról Stiúrthóir Ealaíne "Fíbín sa Taibhdhearc" agus níos faide anonn, a chomhlíonadh. Díreofar ar amharclannaíocht nua, láidir a chruthú, daoine oillte a dhéanfaidh a ndícheall ar son na cruthaitheachta sa Ghaeilge chomh maith le lucht féachana níos leithne le rannpháirtíocht níos mó a mhealladh. Le cur isteach ar an bpost, is féidir CV mar aon le litir chumhdaigh a sheoladh chuig eolas@fibin.com. Glacfar le hiarratais go dtí 26 Eanáir 2023.



# FOLÚNTAS AG MOLSCÉAL: STIÚRTHÓIR SRAITHE


Tá Stiúideo Cuan ag earcú Stiúrthóir Sraithe Molscéal faoi láthair. Is sraith scéalta físe, pobalbhunaithe é MOLSCÉAL, cruthaithe ag painéal de scéalaithe físe do TG4. Tá ábhar siamsaíochta, nuachta, cartlainne agus spóirt ar fáil ar MOLSCÉAL. Tá conradh ag Stiúideo Cuan le TG4 chun ábhar a chur ar fáil don ardán MOLSCÉAL ó cheantar Chonamara, Maigh Eo, Ráth Chairn agus Baile Átha Cliath. Fostaíocht lánaimseartha ar feadh tréimhse 20 mí atá i gceist. Oibreoidh an Stiúrthóir Sraithe Molscéal i gcomhar le bord stiúrthóirí, bainistíocht ghinearálta agus oifigigh an chomhlachta chun 90 pacáiste Molscéal a sholáthar thar cheann Stiúideo Cuan do TG4 sa mbliain ó na ceantair thuasluaite. Is post lánaimseartha 40 uair sa tseachtain é seo. Beidh obair san oíche, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire poiblí i gceist ó am go ham. Beidh an té a cheapfar lonnaithe i Stiúideo Cuan, An Spidéal, Co na Gaillimhe agus ar láithreacha seachtracha léirithe nuair is gá. Cuirfidh an comhlacht gach trealamh teicniúil ar fáil. Tá deiseanna cianoibre leis an ról seo a bheadh le n-aontú leis an gcomhlacht roimh réidh. Beidh Stiúrthóir Sraithe Molscéal ag tuairisciú do Stiúrthóir Cruthaitheach Stiúideo Cuan. Is €39,000 - €41,000 tuarastal an phoist. Is féidir níos mó eolais a fháil ar chuntas Instagram Stiúideo Cuan nó ag www.stiuideocuan.ie



# TRIAIL AISTEOIREACHTA OSCAILTE

Tá Gwyn Productions sa tóir ar thalann nua agus sraith spraoiúil, craiceáilte á léiriú acu i mbliana. Sraith gearr-fhoirm, 'mockumentary' - 'An Poitín' atá i gceist, a bheas á chraoladh ar líne. Beidh éisteachtaí ar siúl i mí Eanáir agus Feabhra. Má tá suim agat ann, ní mór ríomhphost a sheoladh chuig: anpoitincasting@gmail.com le níos mó eolais a fháil!



# LEABHAIR NUA Ó FUTA FATA

Chuir FutaFata tús iontach leis an mbliain le gairid agus dhá chlúdach nua nochtaithe acu! Ag díriú isteach ar na naíonáin atá siad leis an chéad dhá leabhar den bhliain. Beidh CÁ BHFUIL CONALL COINÍN agus CÁ BHFUIL TREASA TÍOGAR ar fáil ag deireadh na míosa. Tá siad gleoite uilig, le flapaí móra do lámha beaga, lán d'ainmhithe áille agus foirfe do páistí óga. Ní mór súil a choinneáil ar chuntas an chomhlachta ar na meáin shóisialta, agus a suíomh idirlín leis na dátaí foilsithe a chinntiú.




Futa Fata